Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8707/22

SOC 247
EMPL 153
SAN 241

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin |

1. De bhun Airteagal 4(1), fomhír 3, agus Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/126, is í an Chomhairle a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht ar rialtais na mBallstát, ar eagraíochtaí fostaithe na mBallstát agus ar eagraíochtaí fostóirí na mBallstát as measc chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar feadh tréimhse 4 bliana.

2. Leis an gCinneadh uaithi an 9 Aibreán 2019[1], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

3. Tá aon ainmniúchán amháin le haghaidh comhalta malartach don Rómáin faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 8706/22 é[2].

---

[1] IO C 135, 11.4.2019, lch. 7.
[2] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

4. D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin a ghlacadh mar mhír 'A', agus

b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.